# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 369

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

27 Meán Fómhair 2022


Clár


II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 369/01 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10851 – CVC / PLATINUM IVY / TMF GROUP) [1] ..... 1

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 369/02 Rátaí malairte an euro — 26 Meán Fómhair 2022 ..... 2

2022/C 369/03 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le treoirlínte i ndáil le hasbhaint cuótaí faoi Airteagal 105(1), (2) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus a chuirtear in ionad Theachtaireacht 2012/C 72/07 ..... 3

**An Chúirt Iniúchóirí**

2022/C 369/04 Tuarascáil speisialta 20/2022: — Gníomhaíocht an Aontais chun dul i ngleic le hiascaireacht neamhdhleathach – Córais um rialú i bhfeidhm ach tá siad lagaithe ag seiceálacha agus smachtbhannaí neamhchothroma ag na Ballstáit ..... 5


[1] Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN gCOMHBHEARTAS TRÁCHTÁLA A CHUR CHUN FEIDHME

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 369/05 Fógra maidir le dul in éag beart frithdhumpála áirithe ........ 6

GNÍOMHARTHA EILE

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 369/06 Foilsiú iarratais ar fhormheas a dhéanamh ar leasú Aontais ar shonraíocht táirge maidir le hainm in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 97(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ........ 7

2022/C 369/07 Foilsiú iarratais ar leasú ar shonraíocht le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ........ 13

II

*(Faisnéis)*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

## (Cás M.10851 – CVC / PLATINUM IVY / TMF GROUP)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 369/01)

An 14 Meán Fómhair 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10851. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Rátaí malairte an euro** [1]

**26 Meán Fómhair 2022**

(2022/C 369/02)

**1 euro =**

| | Airgeadra | Ráta malairte | | Airgeadra | Ráta malairte |
|---|---|---|---|---|---|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 0,9646 | CAD | dollar Cheanada | 1,3195 |
| JPY | yen na Seapáine | 139,07 | HKD | dollar Hong Cong | 7,5720 |
| DKK | krone na Danmhairge | 7,4365 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,6886 |
| GBP | punt steirling | 0,89404 | SGD | dollar Shingeapór | 1,3842 |
| SEK | krona na Sualainne | 10,9275 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 379,40 |
| CHF | franc na hEilvéise | 0,9555 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 17,4247 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 138,90 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 6,9075 |
| NOK | krone na hIorua | 10,3585 | HRK | kuna na Cróite | 7,5278 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | IDR | rupiah na hIndinéise | 14 620,74 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 24,640 | MYR | ringgit na Malaeisia | 4,4401 |
| HUF | forint na hUngáire | 408,83 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 56,908 |
| PLN | zloty na Polainne | 4,7608 | RUB | rúbal na Rúise | |
| RON | leu na Rómáine | 4,9418 | THB | baht na Téalainne | 36,496 |
| TRY | lira na Tuirce | 17,8001 | BRL | real na Brasaíle | 5,1504 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,4858 | MXN | peso Mheicsiceo | 19,6066 |
| | | | INR | rúipí na hIndia | 78,7040 |

[1] *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

**Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le treoirlínte i ndáil le hasbhaint cuótaí faoi Airteagal 105(1), (2) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus a chuirtear in ionad Theachtaireacht 2012/C 72/07**

(2022/C 369/03)

I gcás ina mbeidh suite ag an gCoimisiún gur sháraigh Ballstát na cuótaí a cionroinneadh air, is éard atá le déanamh ag an gCoimisiún, de bhun Airteagal 105(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, asbhaintí a oibriú ar na cuótaí a chionroinnfear ar an mBallstát sin amach anseo.

De réir Airteagal 105(2), i gcás ina ndéanfar ró-iascaireacht ar chuóta atá ar fáil do Bhallstát i leith bliain áirithe, is éard atá le déanamh asbhaintí a oibriú ar chuóta bliantúil an Bhallstáit sin an bhliain nó na blianta dár gcionn.

Mura féidir asbhaint de réir Airteagal 105(1) agus (2) a oibriú ar an gcuóta a ndearnadh ró-iascaireacht air toisc nach bhfuil an cuóta sin ar fáil, nó ar fáil go leordhóthanach, don Bhallstát lena mbaineann, de bhun Airteagal 105(5) féadfar asbhaintí a oibriú, tar éis dul i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann, ar chuótaí na bliana nó na mblianta dár gcionn, i ndáil le cuótaí de stoic nó grúpaí stoc atá ar fáil don Bhallstát sin sa limistéar geografach céanna, nó ar a bhfuil an luach tráchtála céanna.

D'fhonn cur i bhfeidhm trédhearcach agus comhsheasmhach na bhforálacha sin a éascú i gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne, is mian leis an gCoimisiún na prionsabail a dhéanamh poiblí, na prionsabail a bheidh ina dtreoir aige agus é i mbun asbhaint cuótaí.

Cuirtear an Teachtaireacht seo in ionad Theachtaireacht 2012/C 72/07 ([1]) agus cuirtear an méid seo a leanas leis an méid a cuireadh in iúl cheana sa Teachtaireacht sin: maidir leis na hasbhaintí i gcás ró-iascaireacht ar chuóta stoc arna mbainistiú ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh atá ar fáil do Bhallstát bliain ar leith, ba cheart iad a bheith i gcomhréir, i gcás inarb infheidhme, leis an amlíne atá ag na heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh lena mbaineann.

Dá bhrí sin, beidh na prionsabail seo a leanas ina dtreoir ag an gCoimisiún, agus Airteagal 105(1), (2) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 á chur i bhfeidhm aige.

1. Iomlán na hasbhainte (dá ngairtear "aisíocaíocht" anseo feasta), lena n-áirítear na méideanna a eascraíonn as fachtóirí iolraithe is infheidhme, beidh an t-iomlán sin dlite an bhliain tar éis na ró-iascaireachta.

   Mar sin féin, i gcás ró-iascaireacht ar an gcuóta le haghaidh stoic atá á mbainistiú ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, beidh an aisíocaíocht, lena n-áirítear na méideanna a eascraíonn as fachtóirí iolraithe is infheidhme, beidh sí dlite an bhliain nó na blianta a dhéanfar an coigeartú nó an bhliain nó na blianta a chinnfidh an eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh lena mbaineann.

2. Más mó an aisíocaíocht ná an cuóta atá ar fáil, déanfar an asbhaint a oibriú, go dtí an méid is mó atá ar fáil, ar an gcuóta atá ar fáil an bhliain tar éis na ró-iascaireachta. Déanfar fuílleach na n-asbhaintí a oibriú ar na cuótaí a bheidh ar fáil an bhliain nó, más gá, na blianta ina dhiaidh sin, go dtí go mbeidh an t-aisíoc déanta ar mhéid iomlán na ró-iascaireachta a rinneadh (lena n-áirítear na méideanna a eascraíonn as na fachtóirí iolraithe is infheidhme).

3. De mhaolú ar phointe 2 thuas, féadfar an t-aisíoc a mhoilliú (eadhon ráta 50/50 thar 2 bhliain nó aisíocíocht mar chéatadán den mhéid atá dlite arna roinnt thar thréimhse is faide ná dhá bhliain) ar bhonn eisceachta má chomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

   (a) go ndéantar an t-iasc a bhainistiú go hinbhuanaithe ar bhonn na comhairle eolaíche ábhartha i ndáil leis an stoc lena mbaineann; nó

   (b) gur in iascach measctha a ghabhtar an stoc lena mbaineann agus go gcuirfeadh caillteanas suntasach cuóta cosc ar shaothrú na speiceas gaolmhar sa ghabháil iascaigh mheasctha sin; nó

   (c) go ndéantar, le rialacha sonracha idirnáisiúnta (le rialacha na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, mar shampla) a bhaineann le haisíocaíochtaí i leith an stoic lena mbaineann, foráil maidir le haisíoc is moille thar 2 bhliain nó níos mó.

([1]) Communication from the Commission – Guidelines for deduction of quotas under article 105(1), (2) and (5) of Regulation (EC) No 1224/2009 (OJ C 72, 10.3.2012, p. 27) as amended by Communication 2019/C 192/03 (OJ C 192, 7.6.2019, p. 5) [Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte i ndáil le hasbhaint cuótaí faoi Airteagal 105(1), (2) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 (IO C 72, 10.3.2012, lch. 27) arna leasú le Teachtaireacht 2019/C 192/03 (IO C 192, 7.6.2019, lch. 5)].

4. Mura féidir asbhaintí a oibriú ar an stoc a ndearnadh ró-iascaireacht air, agus é sin a dhéanamh an bhliain tar éis na ró-iascaireachta toisc nach bhfuil aon chuóta ar fáil don Bhallstát lena mbaineann, déanfar an asbhaint a oibriú ar stoic eile sa limistéar geografach céanna nó ar a bhfuil an luach tráchtála céanna, mar a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Sainaithneofar na stoic sin ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

(a) déanfar asbhaintí a oibriú ar stoic sa limistéar geografach céanna i gcomhréir le hAirteagal 105(5) agus, más féidir, déanfar é sin ar na stoic a bhíonn a n-iascach ag an gcabhlach a rinne an ró-iascaireacht;

(b) i gcás ina gcomhlíonann níos mó ná stoc amháin critéir phointe (a), tabharfar tús áite d'asbhaintí as cuóta na stoc ag a bhfuil an stádas caomhnúcháin is measa ar bhonn na comhairle eolaíche ábhartha.

5. I gcás ina mbaineann na hasbhaintí le stoic atá á mbainistiú ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, féadfaidh an Coimisiún asbhaintí a oibriú, lena n-áirítear na méideanna a eascraíonn as na fachtóirí iolraithe is infheidhme, i gcomhréir le pointí 2 go 4 ón mbliain choigeartaithe nó ó na blianta coigeartaithe arna gcinneadh ag an eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh lena mbaineann.

# AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

**Tuarascáil speisialta 20/2022:**

**Gníomhaíocht an Aontais chun dul i ngleic le hiascaireacht neamhdhleathach – Córais um rialú i bhfeidhm ach tá siad lagaithe ag seiceálacha agus smachtbhannaí neamhchothroma ag na Ballstáit**

(2022/C 369/04)

D'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a Tuarascáil speisialta 20/2022: "Gníomhaíocht an Aontais chun dul i ngleic le hiascaireacht neamhdhleathach – Córais um rialú i bhfeidhm ach tá siad lagaithe ag seiceálacha agus smachtbhannaí neamhchothroma ag na Ballstáit".

Más maith leat an tuarascáil a léamh nó a íoslódáil, is féidir é sin a dhéanamh ag suíomh gréasáin Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/DocItem.aspx?did=61941

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN gCOMHBHEARTAS TRÁCHTÁLA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Fógra maidir le dul in éag beart frithdhumpála áirithe

(2022/C 369/05)

Tar éis foilsiú fógra maidir le dul in éag atá le tarlú ([1]) agus nár taisceadh aon iarraidh chuí-réasúnaithe ar athbhreithniú ina dhiaidh sin, tugann an Coimisiún fógra go rachaidh an beart frithdhumpála thíosluaite in éag.

Foilsítear an fógra seo i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([2]).

| Táirge | Tír/tíortha tionscnaimh nó tír/tíortha is onnmhaireoir | Bearta | Tagairt | Dáta éaga ([1]) |
|---|---|---|---|---|
| Carbónáit bhairiam | Daon-Phoblacht na Síne | Dleacht frithdhumpála | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1759 ón gCoimisiún an 27 Meán Fómhair 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí carbónáite bairiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 250, 28.9.2017, Lch. 34) | 29.9.2022 |

([1]) Rachaidh an beart in éag ag meán oíche (00:00) an lá a luaitear sa cholún seo.

([1]) IO C 16, 13.1.2022, Lch. 6

([2]) IO L 176, 30.6.2016, Lch. 21

# GNÍOMHARTHA EILE

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Foilsiú iarratais ar fhormheas a dhéanamh ar leasú Aontais ar shonraíocht táirge maidir le hainm in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 97(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.**

(2022/C 369/06)

Leis an bhfoilsiú seo tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta foilsithe an iarratais sin.

IARRATAS AR LEASÚ AONTAIS AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

**'Almansa'**

**PDO-ES-A0044-AM05**

**Dáta an iarratais: 11.5.2022**

1. **Iarratasóir agus leas dlisteanach**

Agrupación de Productores de Vino con D.O. Almansa [Eagraíocht táirgeoirí le haghaidh fíonta ag a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh 'Almansa']

Áirítear leis na hoibreoirí uile a tháirgeann fíon a chumhdaítear le STFC agus a tháirgeann fíonchaora chun na críche sin.

2. **Ceannteideal sa tsonraíocht táirge dá ndéanann na leasuithe difear**

☐ Ainm an táirge

☐ Catagóir an táirge fíniúna

☐ Nasc

☒ Srianta margaíochta

3. **Tuairisc ar an leasú agus na cúiseanna leis an leasú**

Cuireadh isteach mír nua maidir leis an bpacáistiú, ina dtugtar le fios gur cheart buidéalú a dhéanamh sa limistéar críochaithe.

Baineann an leasú seo le pointe 8 den tsonraíocht táirge agus le pointe 9 den doiciméad aonair.

Meastar go dtagann an leasú seo faoi na cineálacha leasuithe Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2019/33.

CÚISEANNA:

I gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, is é is cúis leis an gceanglas sin a áireamh cáilíocht agus clú fhíonta STFC 'Almansa' a chosaint, a dtionscnamh a ráthú agus a saintréithe agus a gcáilíochtaí ar leith, atá nasctha leis an limistéar tionscnaimh, a áirithiú.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

Ní thagann deireadh le táirgeadh fíonta ag a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh leis an bpróiseas faoina n-athraítear úrfhíon go fíon trí choipeadh alcólach agus trí phróisis fhorlíontacha eile, ach cuirtear deireadh leis an bpacáistiú. Ní mór an chéim seo a mheas mar an chéim deiridh i dtáirgeadh na bhfíonta sin, ós rud é go mbaineann sé le cleachtais fhíoneolaíocha eile agus féadfaidh na cleachtais sin difear a dhéanamh do na saintréithe speisialta, eadhon: scagadh, cobhsú agus cineálacha éagsúla beart ceartaitheach.

Leis an oibleagáid sin, seachnaítear na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na fíonta a iompar lasmuigh den limistéar ina dtáirgtear iad, lena n-áirítear: ocsaídiú agus strus teirmeach mar gheall ar theochtaí arda nó ísle agus meath an táirge, rud a dhéanfadh dochar dá thréithe fisiciceimiceacha (aigéadacht, polaifeanóil agus datháin) agus orgánaileipteacha (dath, dea-bholadh, blas) agus dá chobhsaíocht. Laghdaítear freisin an riosca a bhaineann le héilliú miocróbach (trí bhaictéir, víris, fungais, múscáin nó giostaí).

Téann an ceanglas sin chun tairbhe na n-oibreoirí, atá ar an eolas faoi na rioscaí agus atá freagrach as cáilíocht STFC a chaomhnú, agus tugtar ráthaíochtaí leis do thomhaltóirí maidir le tionscnamh agus cáilíocht na bhfíonta agus maidir lena gcomhlíontacht leis an tsonraíocht táirge.

DOICIMÉAD AONAIR

1. Ainmneacha nua

Almansa

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

4. **Tuairisc ar na fíonta**

1. *Fíon geala tirime agus fíonta rosé*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Is fíonta éadroma iad na fíonta geala, ina bhfuil neart alcóil meánach, agus ó bhuí níos éadroime go buí níos órga an dath a bhíonn orthu. Bíonn an torthúlacht i dtreis iontu, ach is féidir bolaithe adhmadúla tóstáilte a bheith sa bhreis air sin freisin. Aigéadacht mhaith, blas úr agus ar bhlas na gcaor. D'fhéadfadh blas éadrom adhmadúil tóstáilte teacht chun cinn.

Bíonn dath bándearg dorcha go dath sú craobh nó dath an bhradáin ar na fíonta rosé. Bíonn siad úr éadrom agus bíonn aigéadacht mheánach iontu. Sa bhéal, bíonn blas bríomhar orthu agus iad ar bhlas na gcaor.

* Tá an neart alcóil iomlán uasta laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a shocraítear le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte) | |
| Neart alcóil iomlán íosta (% de réir toirte) | 11.5 |
| Aigéadacht iomlán íosta | 4 ghram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht luaineach uasta (milleachoibhéis in aghaidh an lítir) | 10 |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleachoibhéis in aghaidh an lítir) | 180 |

2. *Fíonta geala, rosé agus dearga leath-thirime, fíonta geala, rosé agus dearga leath-mhilse agus fíonta geala, rosé agus dearga milse*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

An chuma agus an blas atá ar na fíonta sin is cosúil iad leis na fíonta tirime a tháirgtear ón gcineál céanna.

Tá cothromaíocht sa bhlas a bhíonn orthu i dtéarmaí neart alcóil, aigéadachta agus cion siúcra iarmharaigh.

* Tá an neart alcóil iomlán uasta laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a shocraítear le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

* Iomlán uasta dé-ocsaíde sulfair: 180 mg/l más mó ná 5 g/l an cion siúcra iomlán arna shloinneadh mar fhruchtós móide glúcós, agus an teorainn a leagtar síos sa reachtaíocht más lú ná 5 g/l an cion siúcra iomlán arna shloinneadh mar fhruchtós móide glúcós.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte) | |
| Neart alcóil iomlán íosta (% de réir toirte) | 9 |
| Aigéadacht iomlán íosta | 3 ghram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht luaineach uasta (milleachoibhéis in aghaidh an lítir) | 16.7 |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleachoibhéis in aghaidh an lítir) | |

3. *Fíon dearg tirim*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

D’fhéadfadh déine datha mheánach go hard-déine datha a bheith ar na fíonta seo, agus imir orthu ó imir dhearg go vialait, corcra, gairnéad, caordhearg, rúibíneach, agus d’fhéadfadh dath donnrua a bheith orthu freisin.

Ó dhéine mheánach go hard-déine agus bolaithe úra orthu, agus d’fhéadfadh bolaithe adhmadúla tóstáilte a bheith orthu freisin.

Idir mheándéine go hard-déine iontu, dea-chothromaíocht iontu agus iad dea-struchtúrtha, d’fhéadfadh blas saintréitheach a bheith ar na fíonta sin, eadhon blas adhmadúil a bhfuil blas beag tóstáilte air.

* Tá an neart alcóil iomlán uasta laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a shocraítear le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte) | |
| Neart alcóil iomlán íosta (% de réir toirte) | 12 |
| Aigéadacht iomlán íosta | 4 ghram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht luaineach uasta (milleachoibhéis in aghaidh an lítir) | 11.7 |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleachoibhéis in aghaidh an lítir) | 150 |

4. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Boilgeoga fíneálta a mhaireann i bhfad, agus bíonn ó imir éadrom go himir órga lonrach ar na fíonta geala, agus bíonn imir bhándearg go himir ar dhath na tíle ar na fíonta rosé. Bolaithe glana torthúla a bhíonn orthu. Tá bolaithe an-láidir ar fhíonta 'Reserva'. Cothromaíocht leo sa bhéal, agus struchtúr acu a thugann blas taitneamhach dóibh.

* Tá an neart alcóil iomlán uasta laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a shocraítear le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte) | |
| Neart alcóil iomlán íosta (% de réir toirte) | 10 |
| Aigéadacht iomlán íosta | 3.5 ghram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht luaineach uasta (milleachoibhéis in aghaidh an lítir) | 13.3 |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleachoibhéis in aghaidh an lítir) | 185 |

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Nuair a bhíonn an t-úrfhíon nó an fíon á eastóscadh agus é á dheighilt ón marc torthaí, ní mór an brú ceart a chur chun a áirithiú nach mó an táirgeacht ná 74 lítear fíona in aghaidh an 100 cileagram d'fhíonchaora dearga agus 70 lítear fíona in aghaidh an 100 cileagram d'fhíonchaora bána.

Maidir le táirgeadh fíonta dearga, is é 48 n-uair an chloig an tréimhse mhaothúcháin íosta.

Ní cheadaítear cineálacha fíonta geala agus fíonta dearga a mheascadh.

Na coimeádáin adhmaid a úsáidtear sna próisis aosaithe, ní mór iad a bheith déanta as dair agus ní mór toilleadh a bheith iontu a chomhlíonann na teorainneacha toirte a leagtar síos leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm maidir le húsáid téarmaí traidisiúnta áirithe.

Aosú i bairillí.

5.2. *Uastáirgeacht*

Cineálacha fíonta geala cuachthreoraithe

7 860 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

55 heictilítear in aghaidh an heicteáir

Cineálacha fíonta dearga cuachthreoraithe

6 430 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

47,58 heictilítear in aghaidh an heicteáir

Fíonta geala treilíse

11 430 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

80 heictilítear in aghaidh an heicteáir

Fíonta dearga treilíse

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

74 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Áirítear sa limistéar na dáileachtaí agus na fodháileachtaí atá lonnaithe sna bardais seo a leanas:

— Almansa

— Alpera

— Bonete

— Corral Rubio

— Higueruela

— Hoya Gonzalo

— Pétrola

— Chinchilla: an limistéar a theorannaítear le bóthar seirbhíse AB-402 (bóthar atá ag dul ó Horna go Venta de Alhama) agus atá ar theorainn bhardais Pétrola agus Corral Rubio ar thaobh amháin agus atá ar theorainn bhardais Bonete, Higueruela agus Hoya Gonzalo ar an taobh eile.

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

GARNACHA TINTORERA

MONASTRELL

VERDEJO

8. **Tuairisc ar na naisc**

8.1. *Fíon*

Tá limistéar táirgthe an tsonrúcháin tionscnaimh ‘Almansa’ lonnaithe i gcrios idirthurais aeráide. Tá na fíonghoirt lonnaithe ar ísealchríocha, áit a bhfuil ithreacha tréscaoilteacha ann atá saibhir in aolchloch agus atá ar bheagán cothaitheach. Tá an mheánfhrasaíocht íseal, eadhon 250 mm/bliain. A bhuí leis an easpa báistí, le tréscaoilteacht na hithreach agus leis an táirgeacht íseal, is féidir fíonta, a bhfuil boladh láidir agus dath gléineach orthu, a tháirgeadh.

8.2. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

Leis na teochtaí foircneacha agus leis an ithir ar mhórán aolchloiche, is féidir na cineálacha údaraithe a shaothrú, ar cineálacha iad a thugann tathag agus cothromaíocht do na fíonta. Ar an gcaoi chéanna, is é an toradh atá ar an easpa báistí agus ar an líon uaireanta gréine atá ann, neart alcóil nádúrtha lenar féidir fíonta ina bhfuil na leibhéil bunaithe nirt alcóil a tháirgeadh. Maidir le táirgeadh fíonta súilíneacha, is mar cuvée a úsáidtear na fíonta dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, agus ar an ábhar sin tá feidhm ag an tuairisc ar a nasc maidir le fíonta súilíneacha freisin.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Chun gur féidir ainm cineáil fíniúna shonraigh aonair a úsáid, is gá 85 % ar a laghad de na fíonchaora teacht ón gcineál sin agus ní mór sin a thaifeadadh sna cláir fíona.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll bhreise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Chun úsáid chuí STFC a áirithiú, ní mór gach fíon faoi chosaint a sheoladh sa phacáistíocht. Ní thagann deireadh le táirgeadh fíonta ag a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh leis an bpróiseas faoina n-athraítear úrfhíon go fíon trí choipeadh alcólach agus trí phróisis fhorlíontacha eile, ach cuirtear deireadh leis an bpacáistiú. Ní mór an chéim seo a mheas mar an chéim deiridh i dtáirgeadh na bhfíonta sin, ós rud é go mbaineann sé le cleachtais fhíoneolaíocha eile agus féadfaidh na cleachtais sin difear a dhéanamh do na saintréithe speisialta, eadhon: scagadh, cobhsú agus cineálacha éagsúla beart ceartaitheach.

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

http://pagina.jccm.es/agricul/paginas/comercial-industrial/consejos_new/pliegos/Mod_AM04%20_ALMANSA_cc_20210423.pdf

**Foilsiú iarratais ar leasú ar shonraíocht le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.**

(2022/C 369/07)

Bronnann an foilseachán seo an ceart cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] laistigh de 2 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

IARRATAS AR LEASÚ AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

**“ Montefalco ”**

**PDO-IT-A0845-AM03**

**Dáta an iarratais: 22.08.2016**

1. **Rialacha is infheidhme maidir leis an leasú**

Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. °1308/2013 – Leasú nach mion

2. **Tuairisc ar an leasú agus na cúiseanna leis an leasú**

2.1. *Tabhairt isteach an chineáil nua “Montefalco Grechetto”*

Tá an cineál nua “Montefalco Grechetto” le tabhairt isteach.

Is fíon é a dhéantar ag baint úsáid as an gcineál fíonchaoire áitiúla Grechetto, ar léiriú é ar thraidisiún na bhfíonta bána in Umbria agus, go háirithe, i gceantar “Montefalco”.

Tá an ceantar suntasach mar gheall ar a thopagrafaíocht chnocach agus a mhiocraeráid fho-ilchríochach. I gceantair den sórt sin, táirgeann cineál Grechetto fíonchaora a bhfuil saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha ar leith acu. Bíonn tionchar acu seo ar shainghnéithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha na bhfíonta, mar a thuairiscítear i bpointe 4.2 den doiciméad aonair.

Ar na cúiseanna seo, má chuirtear cineál “Montefalco Grechetto” leis, cuidíonn sé le hardchaighdeán an tsonrúcháin a choinneáil, chomh maith le feabhas a chur ar íomhá agus ar raon táirgí an STFC “Montefalco”.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 1 et seq. den tsonraíocht , áit a ndéantar tagairt don chineál fíonchaoire “Montefalco Grechetto” agus le pointe 4 den doiciméad aonair (Cur síos ar an bhfíon (ar na fíonta)) agus le ranna eile ina luaitear an cineál seo.

2.2. *Leasú ar an teaglaim de chineálacha fíonchaor le haghaidh “Montefalco Bianco” (“Montefalco” bán)*

Baineann an leasú le hathruithe ar an teaglaim de chineálacha fíonchaor, rud a thugann suntas don chineál áitiúil Trebbiano Spoletino.

Go sonrach, ba é comhdhéanamh na gcineálacha fíonchaor roimhe seo ná:

Grechetto: 50 % ar a laghad;

Trebbiano Toscano: idir 20 % agus 35 %;

Cineálacha eile fíonchaor bán: suas le 30 %.

Cuireadh an méid seo a leanas ina ionad:

[1] IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

Trebbiano Spoletino: 50 % ar a laghad;

Cineálacha eile fíonchaor bán: Suas le 50 %.

Cúis

Measadh go raibh sé riachtanach an teaglaim de chineálacha don chineál "Montefalco Bianco" a nuashonrú tríd an gcineál áitiúil Trebbiano Spoletino a chur in ionad Trebbiano Toscano, nach bhfuil dúchasach don cheantar. Táirgeann sé seo fíon ar chaighdeán níos fearr, i dtéarmaí a shaintréithe orgánaileipteacha agus a shaintréithe ceimiceacha agus fisiceacha.

Go sonrach, i gcomparáid le Trebbiano Toscano, táirgeann an cineál áitiúil Trebbiano Spoletino táirgeacht níos lú agus tá sé in oiriúint níos fearr do dhálaí na haeráide áitiúla. Tugann sé seo na saintréithe cáilíochta speisialta a bhaineann leis an gceantar do "Montefalco Bianco", ag teacht le hionchais na dtomhaltóirí.

Go deimhin, mheall Trebbiano Spoletino le blianta beaga anuas suim na n-oibreoirí agus na dtomhaltóirí mar gheall ar a cháilíochtaí intreacha, atá cuid mhaith níos fearr i measc na gcineálacha fíonchaor d'fhine Trebbiano. Mar thoradh air sin, d'iarr na táirgeoirí an leasú seo ar an tsonraíocht.

Ina theannta sin, tá tabhairt isteach an chineáil nua fíona "Montefalco Grechetto" dá dtagraítear thuas, ábhartha freisin maidir le laghdú an chéatadáin den chineál Grechetto in "Montefalco Bianco". Áit a raibh sé ar an gcineál ceannasach ag níos mó ná 50 % roimhe seo, tá sé ag níos lú ná 50 % anois, in éineacht leis na cineálacha fíonchaor bán eile.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 2 den tsonraíocht agus le pointe 7 den doiciméad aonair (Príomhfhíonchaora).

2.3. *Leasú ar an teaglaim de chineálacha fíonchaor do "Montefalco Rosso" ("Montefalco" dearg) agus "Montefalco Rosso Riserva"*

Seo a leanas an teaglaim de chineálacha a úsáidtear chun na cineálacha fíona "Rosso" agus "Rosso Riserva" a tháirgeadh sa tsonraíocht reatha:

Sangiovese: 60 % go 70 %;

Sagrantino: 10 % go 15 %;

cineálacha eile fíonchaor dearg atá oiriúnach le saothrú i réigiún Umbria: suas go dtí uasmhéid de 30 %.

Leasaíodh é mar a leanas:

Sangiovese: 60 % go 80 %;

Sagrantino: 10 % go 25 %;

cineálacha eile fíonchaor dearg neamharamatach a cheadaítear chun 100 % a dhéanamh suas.

Go sonrach, méadaíodh na céatadáin uasta de Sangiovese agus de Sagrantino araon. Ina theannta sin, níl sé éigeantach a thuilleadh ceann amháin nó níos mó de chineálacha fíonchaor dearg sa bhreis a úsáid. Tá a n-úsáid roghnach anois.

Is é atá mar chúis leis an leasú seo ná an gá atá le tosaíocht a thabhairt don dá chineál áitiúil thuasluaite, ag léiriú an terroir. Is fearr é seo ná cumaisc a bhfuil cineálacha idirnáisiúnta iontu freisin agus nach gcuireann aon saintréithe sonracha cáilíochta nó áite leo.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 2 den tsonraíocht ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

2.4. *Dlús plandála fíniúnacha a chur san áireamh agus athruithe ar an táirgeacht fíonchaor agus fíona in aghaidh an heicteáir*

Tá íosdlús plandála de 4 000 fíniúnacha in aghaidh an heicteáir tugtha isteach do "Montefalco Rosso" agus "Riserva", agus 3 000 fíniúnacha in aghaidh an heicteáir do "Montefalco Bianco" agus "Montefalco Grechetto".

Tá an beart seo beartaithe chun cáilíocht táirgthe fíonchaor a fheabhsú.

Mar thoradh ar dhlús plandála ard, a shainmhínítear mar líon na bhfíniúnacha in aghaidh an heicteáir san fhíonghoirt, bíonn níos mó iomaíochta idir plandaí agus iad ag cuardach na gcothaitheach atá san ithir. Cuireann an comórtas seo srian ar fhorbairt an fhásra, na nduilleog agus na dtorthaí, rud a fhágann go mbíonn triopaill agus caora níos lú ann. Má laghdaítear trastomhas na gcaor méadaítear a gcóimheas idir achar dromchla agus toirt, rud a fheabhsaíonn cáilíocht na táirgeachta. Is lú freisin a bhíonn plandaí a bhfuil níos lú duilleog orthu neamhchosanta ar ghalair agus ar lotnaidí amhail fungais, baictéir, feithidí agus víris. Ina theannta sin, is gnách go bhfásann na fréamhacha síos, seachas go cliathánach, mar go gcuirtear iallach orthu síneadh níos doimhne isteach san ithir chun uisce agus mianraí riachtanacha a fháil. Ar an mbealach sin, déantar fíonchaora ar chaighdeán níos fearr, agus dá bhrí sin fíon ar chaighdeán níos fearr, a tháirgeadh.

Laghdaíodh an táirgeacht in aghaidh an heicteáir a bunaíodh le haghaidh fíonchaora bána ó 13 000 go 12 000 cileagram. Cuireadh an táirgeacht chéanna de 12 000 cileagram leis don chineál nua fíona “Montefalco Grechetto”.

Ina theannta sin, i gcás an chineáil “Montefalco Bianco”, laghdaíodh an táirgeacht phróiseála fíona ó 72 % go 70 %, mar an gcéanna leis na cineálacha eile.

Ceapadh na bearta seo chun leibhéal cáilíochta níos airde a bhaint amach.

Baineann na leasuithe seo le hAirteagal 4 agus le hAirteagal 5 den tsonraíocht agus le pointe 5 den doiciméad aonair (Cleachtais déanta fíona - Uastáirgeacht).

2.5. *Tabhairt isteach uisciúcháin éigeandála*

Tugadh isteach uisciúchán éigeandála. Is toradh é an leasú seo ar na hathruithe atá tagtha ar dhálaí aeráide le blianta beaga anuas. Áirítear le hathruithe den sórt sin beagán báistí agus meánteocht agus uasteocht ard sa samhradh, go háirithe i limistéir aeráide intíre mar limistéar “Montefalco”.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 4 den tsonraíocht ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

2.6. *Neart alcóil nádúrtha fíonchaor do “Montefalco Bianco” a mhéadú agus an paraiméadar céanna a chur leis do “Montefalco Grechetto”*

Méadaíodh an neart íosta alcóil nádúrtha de réir toirte le haghaidh fíonchaor ó 10.50 % go 11.00 % chun “Montefalco Bianco” a tháirgeadh.

Bunaíodh an toirt chéanna de 11.00 % don chineál “Montefalco Grechetto”.

Tugadh an leasú seo isteach chun ceanglais cháilíochta na bhfíonchaor a chomhlíonadh, ionas go mbeifí in ann fíonta tathagacha a tháirgeadh.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 4 den tsonraíocht ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

2.7. *Tabhairt isteach an cheanglais maidir le buidéalú a dhéanamh sa limistéar críochaithe*

Baineann an leasú leis an bhforáil maidir le buidéalú sa limistéar táirgeachta críochaithe.

Agus an leasú seo á dhéanamh acu, tá sé d’aidhm ag táirgeoirí an STFC “Montefalco” easnamh i mbuntéacs na sonraíochta táirge a formheasadh ag deireadh 1979 a cheartú, tráth nár shonraigh na rialacha ginearálta maidir le sonrúcháin tionscnaimh náisiúnta nó AE go gcaithfí buidéalú agus pacáistiú a dhéanamh sa limistéar críochaithe. Tugadh an riail ghinearálta sin isteach tar éis Bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 16 Bealtaine 2000, i gcás C-388/95.

Is é is cúis leis an leasú gur gá cáilíocht na bhfíonta leis an STFC “Montefalco” a chaomhnú, a dtionscnamh a ráthú agus a áirithiú go mbeidh na rialuithe éifeachtach agus tráthúil.

Dealraíonn sé gur féidir le hiompar agus buidéalú lasmuigh den limistéar táirgeachta cur isteach ar cháilíocht fhíon “Montefalco”, mar go bhféadfadh sé a bheith neamhchosanta ar imoibrithe ocsaídiúcháin agus dí-ocsaídiúcháin, athruithe tobanna ar theocht agus éilliú micribhitheolaíoch. Is féidir leis na feiniméin seo go háirithe éifeachtaí diúltacha a bheith acu ar na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha (aigéadacht iomlán íosta, eastóscán íosta saor ó shiúcra, etc.) agus saintréithe orgánaileipteacha (dath, dea-bholadh agus blas).

Méadaíonn na rioscaí seo de réir mar a chlúdaítear achar níos mó. I gcodarsnacht leis sin, má dhéantar an buidéalú sa limistéar tionscnaimh agus mura n-iompraítear baisceanna fíona ach achair ghearra nó mura n-iompraítear iad ar chor ar bith, cuidíonn sin le saintréithe agus cáilíocht an táirge a choinneáil slán.

Thar na blianta, tá taithí agus eolas teicniúil agus eolaíoch fónta faighte ag táirgeoirí an tsonrúcháin tionscnaimh “Montefalco” ar cháilíochtaí ar leith na bhfíonta. In éineacht leis an méid thuas, de bharr na dtosca seo is féidir buidéalú a dhéanamh sa limistéar tionscnaimh agus na réamhchúraimí teicneolaíochta is fearr á nglacadh. Tá sé mar aidhm aige saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha uile na bhfíonta a chumhdaítear leis an tsonraíocht a chaomhnú.

Cuspóir eile atá ag buidéalú sa limistéar táirgeachta is ea a áirithiú gur féidir leis an gcomhlacht inniúil a dhualgais faireacháin a dhéanamh agus an éifeachtacht, an éifeachtúlacht agus an costéifeachtacht is mó is féidir a bhaint amach. Ní féidir na ceanglais sin a áirithiú an oiread céanna lasmuigh den limistéar táirgeachta.

Is féidir leis an gcomhlacht rialaithe a dhéanann an tseiceáil bhliantúil ar chomhlíonadh fhorálacha na sonraíochta na cuairteanna cigireachta ar na gnóthais uile a bhfuil baint acu leis an limistéar táirgeachta a sceidealú go han-tapa tráth a mbeidh fíon “Montefalco” á bhuidéalú, i gcomhréir leis an bplean cigireachta faoi seach.

Is é an sprioc a áirithiú go córasach nach féidir coinsíneachtaí d’fhíon “Montefalco” a bhuidéalú ach amháin tar éis a bheith deimhnithe gur éirigh leo sna tástálacha fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha a rinne an comhlacht iniúchta. Fágann sin gur féidir torthaí níos fearr a bhaint amach i dtéarmaí éifeachtúlacht na seiceálacha, ar chostas teoranta do na táirgeoirí, chun na ráthaíochtaí uasta maidir le barántúlacht an fhíona a thairiscint do thomhaltóirí.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 5 den tsonraíocht agus le pointe 9 den doiciméad aonair (Coinníollacha breise riachtanacha).

2.8. *Cuimsítear an cur síos ar na saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha don chineál “Montefalco Grechetto”*

Tá an cur síos seo a leanas ar na saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha curtha leis don chineál nua “Montefalco Grechetto”.

Dath: tuí buí de dhéine éagsúil nó atá claonta i dtreo dhath an óir, uaireanta le himireacha glasa.

Boladh: íogair, galánta, torthaíoch (úll, piorra, péitseog, uaireanta anann nó citreas) agus bláthach (sceach gheal, uaireanta giolcach nó camán meall).

Blas: comhchuí, úr, le searbhas taitneamhach, dea-struchtúrtha, torthaíoch (úll, piorra, péitseog, uaireanta anann nó citreas).

Neart íosta alcóil iomlán de réir toirte: 11.50 %

Aigéadacht iomlán íosta: 5.0 ghram in aghaidh an lítir.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17.0 ghram in aghaidh an lítir.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 6 den tsonraíocht táirge agus le pointe 4 den doiciméad aonair (Tuairisc ar an bhfíon (ar na fíonta)).

2.9. *Laghdú ar aigéadacht iomlán íosta na bhfíonta*

Laghdaíodh aigéadacht iomlán íosta na bhfíonta 0.5 gram in aghaidh an lítir, ag tabhairt na leibhéil seo a leanas:

“Montefalco Bianco”: aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir;

“Montefalco Rosso” agus “Riserva”: aigéadacht iomlán íosta: 4.5 ghram in aghaidh an lítir.

Le himeacht ama, tá sé léirithe go bhfuil laghdú de réir a chéile tagtha ar leibhéil iomlána aigéadachta, freisin mar thoradh ar athrú aeráide dosháraithe.

Níl aon tionchar ag an laghdú beag seo ar cháilíocht na bhfíonta, agus ar aon chuma tá an t-íosteorainn don pharaiméadar seo níos airde ná an teorainn atá leagtha síos i reachtaíocht reatha AE (3.5 gram in aghaidh an lítir).

Baineann an leasú seo le hAirteagal 6 den tsonraíocht agus le pointe 4 den doiciméad aonair (Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta).

2.10. *Tabhairt isteach na forála maidir le húsáid an téarma "vigna"*

Tá úsáid na dtéarmaí "vigna" nó "vigneto" (an dá bhrí sin a chiallaíonn "fíonghort") mar aon leis an logainm ábhartha tugtha isteach mar chleachtas lipéadaithe roghnach. Leis an mbeart seo féadfar cur síos níos mine a dhéanamh ar fhíon "Montefalco", rud a thugann an deis do tháirgeoirí na fíonghoirt tionscnaimh a shainaithint ar an lipéad.

Is foráil roghnach é atá le feiceáil sa tsonraíocht le haghaidh faisnéise ós rud é go gceadaíonn reachtaíocht ábhartha AE agus reachtaíocht náisiúnta lipéid téarmaí den sórt sin a áireamh chun críocha margaíochta.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 7 den tsonraíocht ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

2.11. *Méadú ar thoirt uasta na gcoimeádán*

Méadaíodh toirt uasta na mbuidéal gloine inar féidir fíonta "Montefalco" a phacáistiú ó 5 lítear go 18 lítear.

I gcás an chineáil "Montefalco Rosso Riserva" amháin, áfach, tá sé éigeantach fós corc a chuirtear isteach go hiomlán a úsáid chun na coimeádáin thuasluaite a dhúnadh.

Tá na bearta seo, atá níos sriantaí ná reachtaíocht ghinearálta na hEorpa maidir le coimeádáin, ceaptha chun cáil agus íomhá na bhfíonta leis an STFC "Montefalco" a neartú. Tá sé ábhartha freisin go bhfuil meas mór ar bhuidéil a bhfuil toilleadh níos mó ná 5 lítear agus suas le 18 lítear acu maidir le riachtanais áirithe fáilteachais.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 8 den tsonraíocht agus le pointe 9 den doiciméad aonair (Coinníollacha breise).

2.12. *Nuashonrú ar an tuairisc ar an nasc leis an limistéar geografach*

Tá an cineál nua "Montefalco Grechetto" tugtha isteach, agus nuashonraíodh an teaglaim cineálacha don chineál "Montefalco Bianco", agus Trebbiano Spoletino á chur in ionad Trebbiano Toscano. Dá bhrí sin, tugadh an cur síos ar an nasc leis an limistéar geografach cothrom le dáta maidir leis na coinníollacha traidisiúnta chun na cineálacha áitiúla seo a fhás i limistéar táirgthe an STFC seo.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 9 den tsonraíocht táirge agus le pointe 8 den doiciméad aonair (Nasc leis an limistéar geografach).

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Montefalco

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

PDO – Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon/ar na fíonta**

4.1. *Montefalco Bianco*

Dath: tuí buí de dhéine éagsúil, d'fhéadfadh sé go mbeadh imreacha glasa orthu.

Boladh: íogair, ar nós fíona, le bolaithe de thorthaí a bhfuil feoil bhuí iontu, torthaí citris agus trópaiceacha de dhéine éagsúil. Bolaithe bláthacha.

Blas: úr nó éadrom aigéadach, blasmhar agus fada. Torthaíoch, chomhchuí. Searbhas taitneamhach ag an deireadh.

Neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte: 11,00 %.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17,0 ghram in aghaidh an lítir.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil uasta (% de réir toirte) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %) | |
| Aigéadacht iomlán íosta | 5,0 ghram in aghaidh an lítir, a shloinntear mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleagraim in aghaidh an lítir) | |

4.2. *Montefalco Grechetto*

Dath: tuí buí de dhéine éagsúil nó atá claonta i dtreo dhath an óir, uaireanta le himireacha glasa.

Boladh: íogair, galánta, torthaíoch (úll, piorra, péitseog, uaireanta anann nó citreas) agus bláthach (sceach gheal, uaireanta giolcach nó camán meall).

Blas: comhchuí, úr, le searbhas taitneamhach, dea-struchtúrtha, torthaíoch (úll, piorra, péitseog, uaireanta anann nó citreas).

Neart íosta alcóil iomlán de réir toirte: 11.50 %

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17.0 ngram in aghaidh an lítir.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil uasta (% de réir toirte) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %) | |
| Aigéadacht iomlán íosta | 5,0 ghram in aghaidh an lítir, a shloinntear mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleagraim in aghaidh an lítir) | |

4.3. *Montefalco Rosso*

Dath: dearg an rúibín.

Boladh: leideanna tipiciúla de thorthaí silíní agus foraoise, sú craobh agus fraochán.

Blas: tirim, comhchuí, le tathag mín cothrom.

Neart íosta alcóil iomlán de réir toirte: 12 %.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 23.0 ghram in aghaidh an lítir.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil uasta (% de réir toirte) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %) | |
| Aigéadacht iomlán íosta | 4,5 ghram in aghaidh an lítir, a shloinntear mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleagraim in aghaidh an lítir) | |

4.4. *Montefalco Riserva*

Dath: dath dearg an rúibín, agus dath an ghairnéid ag teacht air le haois.

Boladh: dian, torthaíoch, uaireanta le bolaithe spíosracha agus balsamacha.

Blas: tirim, comhchuí, dea-struchtúrtha, fada buan.

Neart íosta alcóil iomlán de réir toirte: 12,50 %

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 23,0 ghram in aghaidh an lítir.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil uasta (% de réir toirte) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %) | |
| Aigéadacht iomlán íosta | 4,5 ghram in aghaidh an lítir, a shloinntear mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleagraim in aghaidh an lítir) | |

## 5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

a. *Cleachtais riachtanacha fíoneolaíocha*

Cleachtas sonrach fíoneolaíoch

Féadfaidh an sonrúchán “Riserva” a bheith ar an gcineál “Montefalco Rosso” má tá na fíonchaora faoi réir tuairisciú bliantúil ar leith agus má tá siad taifeadta i gclár déanta fíona, agus má tá an fíon aosaithe ar feadh 30 mí ar a laghad, agus 12 mhí de sin i mbairillí, ón 1 Samhain den bhliain inar táirgeadh na fíonchaora.

b. *Táirgeacht uasta*

**Montefalco Bianco**

12 000 cileagram fíonchaora in aghaidh an heicteáir

**Montefalco Bianco**

84 heictilítear in aghaidh an heicteáir

**Montefalco Grechetto**

12 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

**Montefalco Grechetto**

84 heictilítear in aghaidh an heicteáir

**Montefalco Rosso**

11 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

**Montefalco Rosso**

77 heictilítear in aghaidh an heicteáir

**Montefalco Rosso Riserva**

11 000 heictilítear in aghaidh an heicteáir

**Montefalco Rosso Riserva**

77 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach línithe**

Tá limistéar táirgthe an STFC "Montefalco" suite i mbardais Montefalco, Bevagna, Gualdo Cattaneo, Castel Ritaldi agus Giano dell'Umbria, i gCúige Perugia.

7. **Príomhchineál(acha) fíonchaor**

Grechetto B

Sagrantino N

Sangiovese N

Trebbiano Spoletino B - Trebbiano

8. **Tuairisc ar an nasc/na naisc**

8.1. *An STFC Montefalco*

Tosca nádúrtha a bhaineann leis an nasc

Tá limistéar geografach táirgthe an STFC "Montefalco" suite i gCúige Perugia, i lár Umbria. Is ceantar an-táirgiúil é, agus dáileachtaí ag dul le fána go réidh suite trasna taobhanna cnoic agus lonnaíochtaí meánaoiseacha mar choróin air. Tá an limistéar saothraithe suite ag leibhéil idir 220 agus 472 méadar ar airde, trasna na gcnoc is airde, agus athraíonn na dáileachtaí fíonghort maidir lena gcéimeanna claonta agus a ngnéithe. Is é an toradh ná raon leathan de mhiocraeráidí agus de dhálaí fáis, a chuireann ar chumas fíonlanna aonair freisin fíonta a tháirgeadh a bhfuil saintréithe sainiúla spéise ag baint leo.

Is aeráid fho-ilchríochach atá ann a bhfuil roinnt saintréithe de chuid na Meánmhara ag baint léi. Bíonn samhraí atá te ach nach bhfuil plúchtach agus geimhrí atá sách fuar ach nach bhfuil rófhliuch ann. Bíonn an mheánteocht samhraidh idir 18° C agus 23° C agus an mheánteocht gheimhridh idir 4° C agus 6° C, agus bíonn idir 750 agus 1 300 milliméadar sa mheánfhliuchras bliantúil, leis an íosmhéid sa samhradh agus an t-uasmhéid san fhómhar.

Cineál na n-ithreacha - I dtaca leis an ithir, tá ceithre fholimistéar sa limistéar táirgthe mar a leanas:

— comhcheirtleáin abhann/locha, ina bhfuil gaineamh buí agus é balctha uaireanta, rud a thugann saintréithe mianraí do na fíonta;

— cré agus gaineamh locha, a tháirgeann ithreacha gainmheacha méarógacha, agus iad domhain le draenáil den scoth;

— glár reatha, glár a leagadh síos le déanaí agus glár íochtarach, gainmheach agus méarógach (Holocene) den chuid is mó, ar na dromchlaí is cothroime;

— marl, saintréith a bhaineann le limistéir leathana le lomáin charraigeacha tipiciúla ón Méicéineach, le gnáth-ghaineamhchloch buíbhán agus marla sioltach liathghlas, ach freisin cré shioltach liathghlas.

Is éard atá sna tailte atá curtha go príomha le fíniúnacha laistigh den limistéar ná maitrís aolchloiche agus cré le roinnt ábhar clochach teoranta ann agus céatadán maith d'aolchloch ghníomhach, le leibhéil idir 5,5 % agus 9,2 %.

Mar gheall ar an raidhse de charbónáití mínroinnte, bíonn leibhéal áirithe alcaileachta ann i gcónaí, é suntasach uaireanta (7,8 go 8,2), leis na híosleibhéil ar na hardáin ghláracha agus an t-uasmhéid ar chré.

Tá ábhar orgánach i láthair i gcainníochtaí suntasacha ó 1,5 % go 2,2 %, go minic níos mó ná 1 % fiú ag doimhneacht 1 mhéadar. Is díol suntais é seo i bhfianaise homaiginiú tapa na hithreach mar thoradh ar oibriú.

Tá leibhéil arda fosfair ar fáil chomh maith le potaisiam inmhalartaithe, go háirithe in ithreacha atá suite ar lomáin Mhéicéineacha (uasmhéid 43 agus 404 ppm faoi seach).

De réir mar a íslíonn na fréamhacha, laghdaítear tiús gach strataim de réir a chéile (ó níos mó ná 150 ceintiméadar go dtí níos lú ná 70 ceintiméadar de réir mar a théann na fréamhacha ó na hithreacha gláracha trí na hithreacha cré agus gainimh go dtí na turbaidítí agus na comhcheirtleáin thíos), cé go gceadaítear achar dóthanach i gcónaí chun na fréamhacha a fhorbairt. Déantar an tréith seo a chomhcheangal leis an toilleadh réimse den scoth atá ag na hithreacha, rogha ciallmhar na bhfréamhstoc ag saothróirí fíona agus bainistíocht acmhainní uisce trí na cleachtais fáis is fearr a ghlacadh i rith na bliana. Mar thoradh air sin, is féidir le fíonghoirt aon strus uisce a sheasamh i rith an tsamhraidh agus fíonchaora a tháirgeadh a fhéadfaidh na céimeanna cearta aibíochta a bhaint amach chomh maith leis na leibhéil aigéadachta agus struchtúir is fearr is féidir.

8.2. *An STFC Montefalco*

Tosca stairiúla agus daonna a bhaineann leis an nasc

Bhí Montefalco agus na bardais a chuimsíonn an limistéar ainmnithe i gcónaí mar "thír fíona" den scoth, mar a léiríonn an iliomad foinsí stairiúla a insíonn faoi na cnoic atá tiomnaithe d'fhíonsaothrúchán.

Chomh luath le 1088, bhí tagairtí scríofa do thailte curtha le fíniúnacha. Tugann an iliomad doiciméad a théann siar go dtí an 13ú haois fianaise ar an aire leanúnach a thug saothróirí fíona an cheantair don fhíonshaothrú, fiú i lár na cathrach agus i ngairdíní. Ar an mbealach seo, chruthaigh siad táirge talmhaíochta bunaidh, atá fós le feiceáil sa lá atá inniu ann ar feadh bealach neamhghnách na bhfíniúnacha stairiúla. Ón gcéad leath den 14ú haois, thosaigh dlíthe áitiúla ag cosaint na bhfíniúnacha agus an fhíona, agus caibidlí agus codanna iomlána de na reachtanna bardasach tiomnaithe dóibh.

Sa bhliain 1622, mhéadaigh an Cairdinéal Boncompagni, leagáid Perugia, go mór na pionóis a leagadh síos sna reachtanna bardasacha, fiú ag bunú "phionós an chrochta má dhéanann aon duine dochar don fhíniún fíonchaor".

In 1925, ag Aonach Fíona Umbria, rinneadh cur síos ar an mbaile mar an lárionad fíonsaothraithe ba thábhachtaí sa réigiún ("tá Montefalco sa chéad áit i saothrú sain-fhíonghort"). Léiríonn doiciméid freisin castacht shaothrú na fíona sa cheantar, agus na fíonta éagsúla a bhí á dtáirgeadh ag an am, idir bhán agus dhearg.

Bhí tionchar ag tosca daonna ar fhorbairt theicnící fíonsaothrúcháin agus táirgthe na bhfíonta i Montefalco, lena n-áirítear na gnéithe teicniúla agus táirgiúla a leagtar síos i sonraíocht an tsonrúcháin.

Go háirithe, cuimsíonn tosca den sórt sin roghnú na teaglama de chineálacha fíonchaor agus na cineálacha traidisiúnta oiliúna: cruth gaothráin nó "éventail" ar dtús, cordún sporghearrtha agus ansin Guyot.

Go ginearálta déantar an fómhar go déanach i dtréimhsí aibithe na bhfíonchaor, go háirithe do Sagrantino, Trebbiano Spoletino, agus Sangiovese agus Grechetto freisin. Tarlaíonn an fómhar nuair a bhíonn na fíonchaora sláintiúil agus nuair atá cion ard siúcra iontu.

Is iad na cleachtais a bhaineann le táirgeadh fíonta na cleachtais a bunaíodh go traidisiúnta sa limistéar. Go sonrach, cinntíonn úsáid na bhfíonchaor Sangiovese agus Sagrantino chun fíon a dhéanamh an t-uasléiriú cáilíochta. Baineann sé seo le teicníochtaí táirgthe chun uas-eastóscadh datha agus feanól a dhéanamh, agus tréimhsí aibithe idir meánach agus fada ina dhiaidh sin a mbíonn fíonta dearga struchtúrtha mar thoradh orthu. I gcás na bhfíonta bána, ceapadh na teicníochtaí a úsáidtear chun an úire nádúrtha agus na cáilíochtaí aramatacha a chaomhnú.

8.3. *An STFC Montefalco*

Nasc cúisíoch idir an cháilíocht, saintréithe an táirge agus an timpeallacht gheografach, chomh maith leis na fachtóirí nádúrtha agus daonna.

"Montefalco Bianco" agus "Montefalco Grechetto"

Is fíon tuíbhuí é fíon "Montefalco Bianco" le déine éagsúil ina dhath. D'fhéadfadh sé go mbeadh imireacha glasa ann. Tá an dea-bholadh íogair, ar nós fíona, le bolaithe de thorthaí a bhfuil feoil bhuí iontu, torthaí citris agus trópaiceacha de dhéine éagsúil agus bolaithe bláthacha.

Tá an blas úr nó éadrom aigéadach, blasmhar agus fada, torthaíoch, saintréitheach, ag teacht le searbhas taitneamhach ar an deireadh.

Is éard atá i bhfíon "Montefalco Grechetto" ná fíon tuíbhuí le déine éagsúil nó atá claonta i dtreo dath órga, uaireanta le himireacha glasa. Tá an boladh íogair, galánta, torthaíoch (úll, piorra, péitseog, uaireanta anann nó citreas) agus bláthach (Sceach gheal, uaireanta giolcach nó camán meall). Tá a bhlas searbh, agus tá sé dea-struchtúrtha agus torthaíoch, agus leideanna d'úll, piorra, péitseog agus uaireanta anann nó citreas ann go sonrach.

Tá leibhéal maith aigéadachta ag an dá fhíon (íosmhéid 5 ghram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach), agus eastóscán saor ó shiúcra (17 ngram in aghaidh an lítir ar a laghad) a thugann amach an úire agus an struchtúr. Go deimhin, is fíonta iad ar féidir sult a bhaint astu nuair a bhíonn siad óg ach ar féidir leo feabhsú le haois freisin.

Tá na saintréithe seo ag baint leis mar gheall ar ithir agus ar dhálaí aeráide an limistéir gheografaigh ina dtáirgtear é. Tá an tír-raon cnocach agus an aeráid idir a bheith Meánmhuirí agus an fo-ilchríochach. Bíonn na samhraí te gan a bheith plúchtach agus na geimhrí sách fuar gan a bheith rófhliuch. Cinneann na tosca sin an raon teochta agus cuireann siad ar chumas na bhfíonchaor aibiú ar an mbealach is fearr, le leibhéil mhaithe de shiúcra, aigéid orgánacha, feanól agus cúmhránaic. Cuirtear comhpháirteanna den sórt sin in iúl ansin i saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha na bhfíonta, agus ina mbolaithe úire.

Tugann na leibhéil fhlaithiúla fosfair agus potaisiam atá ar fáil sna hithreacha blas na bhfíonta amach ina dhiaidh sin.

Ina theannta sin, tá scileanna teicniúla na saothróirí fíona soiléir i rogha na gcóras traidisiúnta chun fíniúnacha a threorú: cordún sporghearrtha agus Guyot. Táirgeann na córais seo líon íseal bachlóg agus tá siad an-oiriúnach chun fuinneamh agus táirgiúlacht fíniúnacha a rialú. Ina theannta sin, tá na hoibríochtaí déanta fíona ina dhiaidh sin a bhfuil teicneolaíocht táirgthe nua-aimseartha acu. Spreagann na tosca sin go léir le chéile na saintréithe anailíseacha agus céadfacha thuasluaite sna fíonta.

"Montefalco Rosso" agus "Montefalco Rosso Riserva"

Tá dath an rúibín ar fhíon "Montefalco Rosso" agus bolaithe tipiciúla de thorthaí silíní agus foraoise, sú craobh agus fraochán air. Tá sé torthaíoch le blas tirim agus comhchuí agus tathag atá cothromaithe go fíneáilte.

Tá dath an rúibín ar fhíon "Montefalco Rosso Riserva", agus é ag claonadh i dteo an ghairnéid le haois. Tá a dhea-bholadh dian, torthaíoch, agus bolaithe spíosracha agus balsamacha air uaireanta.

Blas: tirim, comhchuí, dea-struchtúrtha, fada.

Tá leibhéal maith aigéadachta ag an dá fhíon (íosmhéid 4,5 ghram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach), agus eastóscán saor ó shiúcra (23 gram in aghaidh an lítir ar a laghad) a thugann amach an struchtúr cumhachtach .

Tá cumas ard ag na fíonta le haghaidh aosú. Tá siad in ann forbairt sa bhuidéal agus, má choinnítear i gceart iad, coinníonn an "Rosso Riserva" go háirithe na saintréithe is fearr atá aige i ndiaidh 5 bliana.

Tá na saintréithe seo ag baint leis mar gheall ar ithir agus ar dhálaí aeráide an limistéir gheografaigh ina dtáirgtear é.

Is tosca iad an tírdhreach cnocach, an aghaidh agus an cosc ar phlandáil ar thailte atá rófhliuch nó nach bhfaigheann dóthain de sholas na gréine, a chomhcheanglaíonn leis an aeráid. Is aeráid Mheánmhuirí í a bhfuil claonadh fo-ilchríochach inti, le samhraí atá te ach nach bhfuil plúchtach agus geimhrí atá sách fuar ach nach bhfuil rófhliuch, chomh maith le raonta teirmeacha suntasacha. Is é an toradh ná atmaisféar atá aerach agus geal, saor ó uiscí stálaithe, atá oiriúnach le haghaidh fíniúnacha a fhás agus le haghaidh na fíonchaora a aibiú.

Ina theannta sin, tá uigeacht agus comhdhéanamh ceimiceach agus fisiceach na n-ithreach comhdhéanta d'aolchloch agus de chré ina bhfuil leibhéil fhlaithiúla fosfair agus potaisiam. Ligeann na hithreacha seo do na fíniúnacha na comhpháirteanna feanólacha agus datha sa chraiceann fíonchaor a fhorbairt, rud a sholáthróidh dath, dea-bholaithe agus struchtúr don fhíon.

Go háirithe, tá tionchar dearfach ag dálaí ithreach agus aeráide an limistéir táirgthe ar fhíonchaora de chineál Sangiovese, arb iad na fíniúnacha tábhachtacha do na fíonta seo iad. Sa réimse seo, baineann siad an dath, an struchtúr agus an tathag is fearr amach, mar aon leis an míne dhúchasach, an doimhneacht agus an úire ar féidir leis an gcineál fíonchaor seo a bheith bródúil astu.

Ina theannta sin, tá scileanna teicniúla na saothróirí fíona le sonrú sa chúram leanúnach a dhéantar maidir leis an talamh agus na fíonghoirt a chothabháil, agus i rogha na gcóras traidisiúnta chun fíniúnacha a threorú: cordún sporghearrtha agus Guyot. Táirgeann na córais seo líon íseal bachlóg agus tá siad an-oiriúnach chun fuinneamh agus táirgiúlacht fíniúnacha a rialú. Ina theannta sin, tá na hoibríochtaí déanta fíona ina dhiaidh sin a bhfuil teicneolaíocht táirgthe nua-aimseartha acu. Táirgeann na tosca seo go léir le chéile na fíonta dearga ardstruchtúrtha seo a bhfuil cáilíochtaí céadfacha den scoth acu.

## 9. **Coinníollacha breise riachtanacha**

Pacáistiú laistigh den limistéar críochaithe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht AE

Cineál coinníll bhreise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Is é atá mar chúis le buidéalú laistigh den limistéar táirgthe críochaithe ná an gá atá le cáilíocht na bhfíonta leis an STFC "Montefalco" a chaomhnú, a dtionscnamh a ráthú agus a chinntiú gur féidir rialuithe éifeachtúla, cost-éifeachtúla a dhéanamh ar bhonn tráthúil.

Dealraíonn sé gur féidir le hiompar agus buidéalú lasmuigh den limistéar táirgeachta cur isteach ar cháilíocht fhíon "Montefalco", mar go bhféadfadh sé a bheith neamhchosanta ar imoibrithe ocsaídiúcháin agus dí-ocsaídiúcháin, athruithe tobanna ar theocht agus éilliú micribhitheolaíoch. Is féidir leis na feiniméin seo go háirithe éifeachtaí diúltacha a bheith acu ar na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha (aigéadacht iomlán íosta, eastóscán íosta saor ó shiúcra, etc.) agus na saintréithe orgánaileipteacha (dath, dea-bholadh agus blas).

Méadaíonn na rioscaí seo de réir mar a chlúdaítear achar níos mó. I gcodarsnacht leis sin, má dhéantar an buidéalú sa limistéar tionscnaimh agus mura n-iompraítear baisceanna fíona ach achair ghearra nó mura n-iompraítear iad ar chor ar bith, cuidíonn sin le saintréithe agus cáilíocht an táirge a choinneáil slán.

Thar na blianta, tá taithí agus eolas teicniúil agus eolaíoch fónta faighte ag táirgeoirí an tsonrúcháin tionscnaimh "Montefalco" ar cháilíochtaí ar leith na bhfíonta. In éineacht leis an méid thuas, de bharr na dtosca seo is féidir buidéalú a dhéanamh sa limistéar tionscnaimh agus na réamhchúraimí teicneolaíochta is fearr á nglacadh. Tá sé mar aidhm aige saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha uile na bhfíonta a chumhdaítear leis an tsonraíocht a chaomhnú.

Cuspóir eile atá ag buidéalú sa limistéar táirgeachta is ea a áirithiú gur féidir leis an gcomhlacht inniúil a dhualgais faireacháin a dhéanamh agus an éifeachtacht, an éifeachtúlacht agus an costéifeachtacht is mó is féidir a bhaint amach. Ní féidir na ceanglais sin a áirithiú an oiread céanna lasmuigh den limistéar táirgeachta.

Is féidir leis an gcomhlacht rialaithe a dhéanann an tseiceáil bhliantúil ar chomhlíonadh fhorálacha na sonraíochta na cuairteanna cigireachta ar na gnóthais uile a bhfuil baint acu leis an limistéar táirgeachta a sceidealú go han-tapa tráth a mbeidh fíon "Montefalco" á bhuidéalú, i gcomhréir leis an bplean cigireachta faoi seach.

Is é an sprioc a áirithiú go córasach nach féidir coinsíneachtaí fíona "Montefalco" a chur i mbuidéil ach amháin tar éis a bheith deimhnithe gur éirigh leo sna tástálacha fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha a rinne an comhlacht iniúchta. Fágann sin gur féidir torthaí níos fearr a bhaint amach i dtéarmaí éifeachtúlacht na seiceálacha, ar chostas teoranta do na táirgeoirí, chun na ráthaíochtaí uasta maidir le barántúlacht an fhíona a thairiscint do thomhaltóirí.

Ina theannta sin, chun cearta atá ann cheana a chosaint, is féidir le cuideachtaí buidéalaithe iarratas a dhéanamh ar mhaolú chun leanúint ar aghaidh ag buidéalú ina n-áitreabh atá suite lasmuigh den limistéar críochaithe, ar an gcoinníoll go gcuirfidh siad an t-iarratas ábhartha faoi bhráid na hAireachta Beartais Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta agus go soláthróidh siad doiciméid ag cruthú go bhfuil na fíonta leis an STFC "Montefalco" curtha i mbuidéil acu ar feadh dhá cheann ar a laghad de na cúig bliana roimh theacht i bhfeidhm don leasú lenar tugadh isteach an ceanglas maidir le buidéalú a dhéanamh sa limistéar. Ní gá gur tréimhse dhá bhliain gan bhriseadh a bheidh anseo.

An creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Foráil maidir le pacáistiú

I gcomhréir le rialacha náisiúnta maidir le pacáistiú fíonta a bhfuil sonrúchán tionscnaimh acu, ní fhéadfar na fíonta leis an STFC "Montefalco" atá le scaoileadh lena gcaitheamh a phacáistiú ach amháin i mbuidéil ghloine nach mó ná 18 lítear toirte, dúnta le corc nó le caipín is féidir a scriúil air agus a bhfuil sciorta fada air.

I gcás an chineáil "Montefalco Rosso Riserva" amháin, tá sé éigeantach fós corc a chuirtear isteach go hiomlán a úsáid.

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/13898

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA